# Aighneacht

# maidir le

# Iarratas Pleanála Noel Regan sna Forbacha nó Baile na hAbhann Theas

# Uimhir Pleanála: 22964

# Comhairle Contae na Gaillimhe

# Meán Fómhair 2022

## INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo an aighneacht a chur isteach maidir le Cead Pleanála *Noel Regan* d'fhorbairt tithíochta sna Forbacha nó i mBaile na hAbhann faoi Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

Tá ról ríthábhachtach ag Comhairle Contae na Gaillimhe i dtaobh cur chun cinn na Gaeilge, ach go háirithe le limistéir Ghaeltachta faoina chúram. Caithfidh ról cosanta, caomhnaithe agus fáis a bheith ag an gComhairle do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht i nGaeltacht na Gaillimhe.

## POBAL NA GAEILGE I GCOIS FHARRAIGE

Tá Na Forbacha agus Baile na hAbhann Theas lonnaithe sa Limistéir Pleanála Teanga Cois Fharraige. De réir an daonáirimh 2016 tá daonra de 6,669 i Limistéir Pleanála Teanga Cois Fharraige. As an daonra atá sin tá 5,353 in ann Gaeilge a labhairt, sin 83%(daonra thar 3 bhliana d'aois). Tá sin i bhfad níos mó ná an meán náisiúnta de 39.8% mar a bheifeá ag súil le i gceantar Gaeltachta. Tá méid na cainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais (cainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais amháin agus cainteoirí laethúla taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais san áireamh) 3,104, sin 48% de dhaonra Chois Fharraige. Mar sin feictear gur mionlach iad cainteoirí Gaeilge laethúla Chois Fharraige https://visual.cso.ie/?body=entity/ima/cop/2016&boundary=C03851V04601&guid=3751E648-A867-496A-B7FB-BCA4A067FA78&theme=2.

## AN TACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000

In Ailt 10 – (2) (m) luann sé san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 : '(*m*) oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint, lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail, i gcás ina mbeidh limistéar Gaeltachta i limistéar an phlean forbartha.'
https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/2000/30/gle/enacted/a3000i.pdf

Mar sin tá dualgas reachtúil ag an Bord Pleanála an teanga a chaomhnú sa Ghaeltacht. Tá gá mar sin anailís sochtheangeolaíochta a dhéanamh ar aon fhorbairt nua a dhéantar sa Ghaeltacht chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an fhorbairt sin ar an stad sochtheangeolaíochta sa cheantar.

## SCÉIM TEANGA COMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE 2019 - 2022

I Scéim Teanga Comhairle Contae na Gaillimhe 2019 – 2022 deir sé '2.2 Príomhghníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil - Is é aidhm na Rannóige Pleanála tacú le forbairt laistigh den chontae agus í a chur chun cinn ionas go mbeidh a gcuid custaiméirí ábalta cónaí i bpobail bhríomhara ina mbíonn meas ar éagsúlacht cultúir agus ina spreagtar í, ina mbeidh gach duine in ann a bheith páirteach i saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir agus ina mbeidh teacht ag daoine ar leibhéal inghlactha seirbhísí agus infreastruchtúir. Ar an Aonad seo freisin atá an fhreagracht oidhreacht chultúrtha agus teanga na Gaeltachta a chosaint tríd an bpróiseas pleanála. '

Luann sé freisin '2.5 Measúnú ar sheirbhísí reatha trí Ghaeilge - Tá na seirbhísí sainiúla seo a leanas ar fáil go hiomlán trí Ghaeilge agus tá siad ar fáil trí Bhéarla má bhíonn siad ag teastáil/á lorg. Idirchaidreamh Tithíochta i gConamara.'

Agus 'Beart 3.14 An Ghaeltacht Spriocdháta: Leanúnach mura bhfuil a mhalairt ráite - Éascóidh agus spreagfaidh an Chomhairle aon bhaile/sráidbhaile/pobal laistigh nó lasmuigh den Ghaeltacht ar mhian leo comharthaí a bheith i nGaeilge amháin ina gceantar. • Is i nGaeilge amháin a bheidh aon chomharthaíócht a éilíonn cead ón gComhairle lena chur suas sa Ghaeltacht. • Beidh coinníollacha ag gabháil le haon chead pleanála a dheonaíonn an Chomhairle i gceantair Ghaeltachta gur i nGaeilge amháin a bheidh an chomharthaíocht bhuan ar fad, taobh amuigh agus taobh istigh, ar fhorbairtí den sórt sin, lena n-áirítear le linn na céime tógála agus caithfidh litriú/cruinneas an téacs a bheith ceadaithe ag an gComhairle nó ag saineolaí teanga cuí. • Bainfidh an Chomhairle úsáid as An tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 chun críocha oifigiúla agus úsáidfear é mar réamhshocrú i ngach bunachar sonraí agus comhfhreagras de chuid na Comhairle'. Is gá na gnímh seo a dhéanamh maidir leis an iarratas pleanála seo.

## PLEAN TEANGA CHOIS FHARRAIGE 2017 - 2023

Tagann Pleananna Teanga ar bhonn reachtúil ó Acht na Gaeltachta 2012. Is faoin Aire Gaeltachta a cheadaítear na Pleananna Teanga.

I bPlean Teanga Chois Fharraige tá sé ráite '11.9.1. Ginearálta Gné amháin den phleanáil teanga sa nGaeltacht is ea an phleanáil fhisiciúil. Faoi Chomhairle Chontae na Gaillimhe (CoConaG) atá sé polasaí a shocrú agus a chur i bhfeidhm maidir leis an bpleanáil fhisiciúil i gceantar Chois Fharraige. Chuige sin tá Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta (PCÁG), a tháinig i bhfeidhm sa mbliain 2008, á úsáid ag CoConaG mar threoir don chaoi a ndéileáiltear le pleanáil fhisiciúil i gceantar Chois Fharraige. Aithnítear i bPCÁG go bhfuil dualgas ar an údarás pleanála faoin Acht Pleanála & Forbartha 2000 'oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta a chosaint, ar a n-áiritear cur chun cinn na Gaeilge mar theanga an phobail'. Aithnítear chomh maith go bhfuil sé mar aidhm ag CoConaG 'cosaint a thabhairt do stádas an Spidéil mar Shráidbhaile Gaeltachta agus cur i gcoinne aon fhorbairt a dhéanfadh díobháil do theanga ná do chultúr an phobail'. Tá ceantar Chois Fharraige taobh istigh den limistéar pleanála ar a dtugtar 'Ceantair atá taobh istigh de Theorainn Staidéir Iompair agus Phleanála na Gaillimhe, (GTPS)' agus dá réir sin tá Cuid (a) den Cháilíocht Chónaitheach Gaeltachta á fheidhmiú i gcás forbairtí cónaitheacha ina bhfuil 2 theach nó níos mó iontu, cáilíocht chónaitheach a chiallaíonn go bhfuil Clásal Feidhme Teanga ar feadh 15 bliana curtha mar choinníoll ar 80% (slánaithe suas) ar a laghad de na haonaid chónaithe in aon scéim tithíochta.'

Agus '11.9.3. Cleachtas an Údarás Pleanála - Bhuail ionadaithe de chuid FCFPT le hOifigigh de chuid na Rannóige Pleanála i mí Lúnasa 2016 le cúrsaí pleanála i LPT Chois Fharraige a phlé agus le fáil amach faoin gcleachtas reatha i dtaobh chosaint na Gaeilge ar fhorbairtí a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh don Ghaeilge mar theanga pobail i bhfianaise na bpolasaithe atá sonraithe i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 agus i bPlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018. Soiléiríodh ag an gcruinniú go gcaitear ar bhealach difriúil le hiarratais phleanála, ag brath ar an iarratas le teach aonair a thógáil nó ar iarratas ar dhá theach nó níos mó atá ann. Míníodh go bhfuil sé mar pholasaí, de réir na bpleananna forbartha (Contae agus Gaeltachta), a bheith báúil do mhuintir na háite agus do dhaoine le Gaeilge (as áit ar bith) ar mhian leo teach a thógáil sa nGaeltacht. Níl sé soiléir, áfach, cén chaoi a ndéantar an polasaí sin a fheidhmiú, gan aon mhír faoi leith a bheith ar an bhFoirm Iarratas Pleanála do theach aonair, a d'fhiosródh cumas Gaeilge an iarratasóra. Líontar foirmeacha faoi láthair i nGaeilge ach ní ionann sin is a rá go bhfuil Gaeilge ag an iarratasóir. Soiléiríodh ag an gcruinniú chomh maith nach bhfuil aon ról ag an gcóras pleanála i ndíol ná i gceannach tithe athláimhe. Tá sé tugtha le fios ag na hoifigigh sinsearacha atá freagrach as polasaithe pleanála CoConaG a chur i bhfeidhm, go dtugtar cead pleanála sa Spidéal do thithe aonair ar thailte sa gceantar atá ainmnithe mar Thailte Cónaitheacha gan chúinsí teanga a chur san áireamh.'

'11.9.8. An Phleanáil Fhisiciúil – Bearta

Beart

5. Forbairtí a dhéanann dochar don Ghaeilge mar theanga an phobail a stopadh.

6. Athrú a chur ar an gcleachtas atá ag an Údarás Pleanála gan cheist a chur ná eolas a iarraidh ar an bhfoirm iarratais faoi chúlra ná cumas Gaeilge na niarratasóirí.

7. An Fhoirm Iarratais ar chead pleanála a leasú le go gcuimsítear ceist faoi chumas Gaeilge an iarratasóra.

8. Caighdeán aitheanta i labhairt na Gaeilge a úsáid chun tástáil faoin gClásál Feidhme Teanga a dhéanamh.'

Is gá an Plean Teanga agus ról an Comhairle i leith an Phlean Teanga a thógáil san áireamh agus iarratas pleanála seo a mheas.

## AN PLEAN FORBARTHA CONTAE NA GAILLIMHE 2022 - 2028

I bPlean Forbartha Contae na Gaillimhe 2022 – 2028 https://www.galway.ie/ga/seirbhisi/pleanail/07/cdp28/, seo iad na hábhair a ba chóir a thógáil san áireamh don iarratas pleanála seo: '13.1 Réamhrá - Aithníonn an Comhairle an tábhacht a bhaineann le Gaeltacht na Gaillimhe, go háirithe maidir leis an nGaeltacht is mó agus is mó daonra sa tír, atá sa chontae seo. Is oidhreacht uathúil luachmhar iad teanga agus cultúr na Gaeltachta, agus is aidhm náisiúnta iad a chaomhnú agus a chosaint. Tá an aidhm seo cuimsithe san Acht Pleanála agus Forbartha, 2000 (de réir leasaithe).

Agus '13.2 Aidhmeanna Straitéiseacha Oibreoidh Comhairle Contae na Gaillimhe leis na gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an stáit cuí chun Gaeltacht na Gaillimhe agus na nOileán a chosaint agus a fheabhsú leis na aidhmeanna straitéiseacha a leanas:

Tacú le cur i bhfeidhm pleananna teanga i Limistéir Pleanála Teanga na Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta, Cloí le aidhmeanna an Rialtais, "Straitéis 20 bliana don Ghaeilge 2010 - 2030" lena n-áirítear caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht, caomhnú agus cosaint a thabhairt d'oidhreacht, cultúr agus saibhreas an teanga chomh maith le ról na Gaeilge a neartú sa bhaile, láthair oibre agus pobal;

Braistint phobail láidir, bród sibhialta, féiniúlacht áitiúil agus ionchuimsitheacht shóisialta, agus stádas na Gaeilge is a cúnamh d'oidhreacht na Gaeltachta a chosaint sa cheantar'

Freisin '13.3.1 Creat Náisiúnta um Phleanáil - Tugann an NPF béim don tábhacht a bhaineann leis an bpróiseas pleanála teanga, ordaithe in Acht na Gaeltachta 2012, a léiríonn príomh-thiománaí tacaíochta do thiomantas an Rialtais chun tacú le aidhmeanna an Rialtais ionas go mbainfear amach na cuspóirí leagtha amach i Straitéis 20 Bliana don Ghaeilge 2010-2030. Tacaíonn an NPF le cur i bhfeidhm pleananna teanga i Limistéir Pleanála Teanga na Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Gréasáin Gaeilge. Cuireadh béim ar thábhacht na Gaeilge mar theanga pobail na Gaeltachta agus chun an teanga a chur chun cinn lasmuigh den Ghaeltacht. Tugann an NPF mionsonraí freisin ar na tacaíochtaí leanúnacha le tabhairt don phróiseas pleanála teanga agus tacaíocht d'fhorbairt Údaráis na Gaeltachta, le neartú.'

'13.5 An Ghaeltacht - Tá ceann de na Gaeltachtaí is mó agus is mó daonra na tíre sa Chontae, ag dul thar limistéar suntasach Chontae na Gaillimhe, de réir mionsonraithe sa réamhrá thuas. Comhdhéanann an Ghaeltacht go leor pobail difriúla agus aithníonn an Comhairle go bhfuil an Ghaeilge níos láidre i bpobail áirithe. Aithníonn an Comhairle gur teanga beo í an Ghaeilge agus aithníonn sé freisin an tábhacht a bhaineann le caomhnú an teanga agus timpeallacht a chruthú ina féidir leis an teanga fás leis na pobail sin.'

'Tá a bpleananna lonnaíochta agus léarscáileanna zónála féin ag go leor bailte agus sráidbhailte lonnaithe sa Ghaeltacht i gcomhréir le cliarlathas lonnaíochta i gCaibidil 2 Príomh-straitéis, Straitéis Lonnaíochta agus Straitéis Tithíochta. Is féidir teacht ar na bailte agus sráidbhailte sin go léir in Imleabhar 1 den phlean. Tá ról tábhachtach ag bailte sa chatagóir MASP agus Beagfháis i ngeall ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad in aice le cathair na Gailimhe. Glactar leis na lonnaíochtaí aitheanta sna sráidbhailte beagfháis mar lonnaíochtaí tuaithe don chuid is mó, ach is seirbhís thábhachtach iad don phobal áitiúil lena n-áiseanna reatha amhail scoileanna, siopaí, tithe tábhairne agus oifigí an phoist. Tá go leor sráidbhailte beaga eile sa Ghaeltacht agus aicmítear iad sin faoi chatagóir "Lonnaíochta Tuaithe".'

'Seo a leanas sé cheantar Ghaeltacht na Gaillimhe: • Iorras Aithneach/Camas/Ros Muc; • Dúiche Sheoigheach; • Ceantar na nOileán/An Crompán; • Cois Fharraige; • Oileáin Árann; • Imeall na Cathrach.'

'13.5.4 Ceantar D: Cois Fharraige; Téann ceantar Chois Fharraige i gConamara ó imeall iarthair Chathair na Gaillimhe siar go dtí cósta thuaiscirt Chuan na Gaillimhe go Baile na hAbhann agus Ros an Mhíl.'

‘Tá na sráidbhailte a leanas lonnaithe sna lonnaíochtaí sin freisin: • An Tulaigh/Baile na h-Abhann’

‘Tá an talamh go ginearálta droimneach le sraith chúng talaimh torthúlachta ísil os cionn buncharraige eibhir.’

‘Go ginearálta, treoraítear patrún forbartha an cheantair seo i dtreo na farraige. Chomh maith leis, tá go leor cnuasaigh áitiúla tithíochta sa limistéar. Is é R336 an príomh-bhealach iompair a fhreastalaíonn ar limistéa Dheiscirt Chonamara. Tá sé fothaithe ag go leor mionbhóithre a ritheann ó thuaidh/ó dheas, chun nasc a dhéanamh do thithíocht agus talaimh leis an bpríomhbhealach agus leis an fharraige. Tá Aerfort Réigiúnach Chonamara lonnaithe ag Minna 10km soir ón gCeathrú Rua agus tugann sé nasc gasta go dtí naOileáin Árann. In 1996, bunaíodh Teilifís na Gaeilge i mBaile na hAbhainn mar phríomhacmhainn chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus chun áitritheoirí na Gaeltachta a choinneáil ar an eolas maidir le ócáidí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.’

‘Tá líon suntasach tránna sa limistéar sin le saibhreas iontach gníomhaíochta spóirt muirí lena n-áirítear seoltóireacht, iascaireacht, tumadóireacht agus féilte cadhcála.’

‘13.6 An Ghaeltact a Chaomhnú agus a Chur chun Cinn sa Phróiseas Pleanála Tá an Comhairle eolach go bhfuil an Ghaeltacht is mó daonra agus is mó na tíre ag an gcontae, a bhfuil tábhacht iontach mór léi agus breathnóireacht chúramach ag teastáil le cinntiú go ndéantar í a chaomhnú agus a chur chun cinn araon le gach deis chun fás agus beocht na Gaeltachta a chinntiú go fadtéarmach. **Déanfaidh an Comhairle tacaíocht a lorg don Ghaeltacht, le breathnóireacht ar fhorbairt chuí laistigh ceantair na Gaeltachta. Ní cheadófar aon thairiscintí forbartha, a mbeadh droch-thionchar acu i dtuairim an Údaráis Pleanála ar an nGaeilge agus sa Ghaeltacht. Ceaptar go gcabhróidh an cur chuige seo dul i ngleic leis an laghdú ar dhaonra i gceantair áirithe den Ghaeltacht agus go gcinnteoidh sé freisin comhdhlúthú agus neartú na Gaeilge sa Ghaeltacht.** Cabhróidh na Ceantair Gaeltachta liostaithe thuas le Limistéir Pleanála Teanga de réir luaite sa Straitéis 20-Bhliana don Ghaeilge 2010-2030 agus comhaontaithe ag gníomhaireachtaí reachtúla.

Tá Gaeltacht na Gaillimhe roinnte in 10 LPA: LPA Chois Fharraige’

‘Aidhmeanna Polasaithe na Gaeltachta

GA1 Oidhreacht Theangeolaíoch agus Chultúrtha na Gaeltachta Beidh sé mar aidhm pholasaithe an Chomhairle oidhreacht theanga agus cultúrtha na Gaeltachta a chur chun cinn, a fheabhsú agus a chosaint chun gur féidir an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga pobail.

GA 3 Tacaíocht do Ghníomhaireachtaí Forbartha Reachtúla Tacaíocht do gach gníomhaireacht forbartha reachtúil, go háirithe Údarás na Gaeltachta, chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach i nGaeltacht na Gaillimhe, ag cosaint agus ag cur chun cinn na Gaeilge mar an chéad teanga pobail sa cheantar.

GA 4 Clásal Feidhme Teanga (a) Cuirfear Clásal Feidhme i bhfeidhm ar chuid de na aonaid cónaithe i bhforbairtí dhá nó níos mó aonaid i gCeantar D Cois Fharraige. Cur chun cinn do thithe ina mbeidh clásal feidhme teanga ar íosmhéid 80% nó ar chionroinn na ndaoine ag úsáid na Gaeilge ar bhonn laethúil, i gcomhréir leis an nDaonáireamh is déanaí foilsithe, pé acu is mó. Beidh Feidhm Insealbhaithe Teanga 15 bliana i bhfeidhm maidir le forbairtí ceadaithe sa chatagóir seo. (b) Cuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm ar chuid de na aonaid cónaithe i bhforbairtí dhá nó níos mó aonaid i gCeantair Gaeltachta eile seachas Ceantar D Cois Fharraige. Nuair a céatadán na dteaghlaigh ina mbeidh clásal feidhme teanga ar íosmhéid 20% nó do chionroinn na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge ar bhonn laethúil, i gcomhréir leis an nDaonáireamh is déanaí foilsithe, Pé acu is mó. Feidhm Insealbhaithe Teanga ar feadh 15 bliana.

GA 5 Ráitis um Thionchair Theangeolaíochta Ceanglóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe go gcuirfear isteach Ráiteas um Thionchair Theangeolaíochta le haghaidh togra tithíochta do dhá theach nó níos mó sa Ghaeltacht

chun an Ghaeilge agus oidhreacht chultúrtha Ghaeltacht na Gaillimhe a chosaint agus a neartú. Beidh feidhm ag Clásal Insealbhaithe Teanga 15 bliana ar fad maidir le forbairt cheadaithe do dhá aonad nó níos mó.

GA 7 Tithíocht Tuaithe sa Ghaeltacht Ní mór do gach tairiscintí tithíochta tuaithe sa Ghaeltacht cloí le Caibidil 4 Saol Tuaithe agus Forbairt.'

Caithfidh an Chomhairle an Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2022 - 2028 a chur i bhfeidhm agus níl an fhorbairt ag teacht leis an bplean seo.

## MOLTAÍ I DTAOBH CEAD PLEANÁLA

1. Teastaíonn riachtanas sna rialacháin phleanála go mbeadh gá le measúnacht tionchar teanga neamhspleách i gcás gach tí bheartaithe agus gach saghas forbartha beartaithe eile i gceantar Gaeltachta agus gur gá gur duine atá cáilithe go cuí a chuirfeadh le chéile í (.i. duine le cúlra nó cáilíocht sa phleanáil teanga nó sa tsochtheangeolaíocht) agus go gcruthódh an mheasúnacht sin go rachadh an fhorbairt sin chun socair na Gaeilge go háitiúil.
2. Teastaíonn srian ar theach a dhíol ar aghaidh ach le cainteoir Gaeilge, srian a sheasfadh ar feadh 15 bliain ar a laghad agus a choiscfeadh an teach a ligean go fad téarmach (níos faide ná 3 mhí in aon bhliain amháin) ach amháin le cainteoirí Gaeilge.
3. Maidir le hinniúlacht sa teanga agus measúnacht tionchar teanga á déanamh, molaimid gur gá inniúlacht B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (Comhairle na hEorpa, 2001) mar chaighdeán inghlactha. Is éard is brí leis an gcaighdeán sin:-
4. Maidir le heastáit tithíochta, is beag slí go bhféadfadh a leithéid cur le labhairt na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta A & B. Go deimhin, is dochar agus dochar as cuimse a dhéanfadh a leithéid. Molaimid nach gceadófaí eastát tithíochta sa cheantar Gaeltachta A &B agus gur cheart é sin a dhéanamh soiléir i gcriosú (zónáil) na gceantar sin.
5. Ní mholaimid go gcuirfeadh coinníollacha teanga isteach ar dhaoine agus maidir le tithe sa toghroinn ar aisti ó dhúchas iad.
6. Molaimid go gcaithfí le daoine a thugann an fhianaise chuí go bhfuil inniúlacht ag leibhéal B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha acu amhlaidh is go raibh riachtanas áitiúil tithíochta acu gan a thuilleadh riachtanais a chomhlíonadh.
7. Tá limistéir ar imeall na Gaeltachta nach bhfuil an Ghaeilge in úsáid iontu mórán agus nach raibh nuair a bronnadh stádas Gaeltachta orthu. Mura bhfuil fonn ar an bpobal na ceantair imeallacha seo a bheith san áireamh mar limistéir Ghaeltachta agus a bheith faoi réim na mbeartas thuas, ní chuirfimid ina aghaidh sin.
8. Go gcuirfear cosc ar ró-fhorbairt tithe saoire chun a chinntiú nach mbeadh níos mó ná 10% de thithe a thógfar ina thithe saoire.

## CEISTEANNA FAOIN IARRATAS PLEANÁLA

- Tá Na Forbacha agus Baile na hAbhann luaite sa Ráiteas Tionchar Teanga, níl sé soiléir cén áit a bhfuil an fhorbairt seo beartaithe, na Forbacha nó Baile na hAbhann. Is gá soiléiriú a fháil ar sin.
- Luaitear san iarratas gur TOBIN Consulting Engineers Limited a rinne an Ráiteas Tionchar Teanga. Is gá a fhiosrú an raibh saineolaí cáilithe sa tsochtheangeolaíocht a rinne an Ráiteas Tionchar Teanga sa chomhlacht sin. Mura bhfuil an té a scríobh cáilithe is gá Ráiteas Tionchar Teanga a iarraidh ó sochtheangeolaí.
- Is gá a chinntiú go bhfuil an Ráiteas Tionchar Teanga cruinn. Bhí cás cúirte Comharchumann Ráth Chairn Teoranta V An Bord Pleanála ag plé easpa cruinneas an Ráiteas Tionchar Teanga a bhí mar an phríomh fáth gur dhiúltaigh an Breitheamh cinneadh pleanála an Bord Pleanála, go deimhin bhí sé feicthe sa chás nár thóg Comhairle Contae na Mí cruinneas an Ráiteas Tionchar Teanga san áireamh

ach an oiread ina chinneadh pleanála. https://www.casemine.com/judgement/uk/618ec0c8b50db9a0d4cba1f8